

Caingean arna tabhairt an 17 Márta 2022 – CEDC International v EUIPO – Underberg (Cruth bhrobb féir i mbuidéal)**(Cás T-145/22)**

(2022/C 198/80)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: CEDC International sp. z o.o. (Oborniki Wielkopolskie, an Pholainn) (ionadaí: M. Fijałkowski, radca prawny (Comhairleoir Dlí))

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Underberg AG (Dietlikon, an Eilvéis)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist: An páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar mharc tríthoiseach de chuid an Aontais Eorpaigh (Cruth bhrobb féir i mbuidéal) – Iarratas ar chláru Uimh. 33 266

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 22 Nollaig 2021 i gCás R 1954/2020-5

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní i bpáirt i leith na forais freasúra faoi Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh 207/2009;
- a ordú do EUIPO agus don pháirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc na costais arna dtabhu ag an iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta agus an Bhoird Achomhairc a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagail 94(1) agus 95(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gceangal le hAirteagal 8(3) de Rialachán Uimh 207/2009;
- Sárú ar Airteagal 8(3) de Rialachán 207/2009.

Caingean arna tionscnamh an 16 Márta 2022 – Ryanair v an Coimisiún**(Cás T-146/22)**

(2022/C 198/81)

*Teanga an cháis: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: Ryanair DAC (Sord, Éire) (ionadaithe: E. Vahida, F.-C. Laprévote, V. Blanc, D. Pérez de Lamo agus S. Rating, Dlíodóirí)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh (AE) an 16 Iúil 2021 maidir le státhabhair SA.57116–COVID-19: Rátháocht iasachta stáit agus iasacht Stáit do KLM a chur ar neamhní; agus,
- a ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir ar chúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur theip ar an gCoimisiún an tairbhí a shainiú go leordhóthanach trí (i) a mheas gurbh é KLM tairbhí aonair na cabhrach a chuir an Ísiltír ar fáil agus (ii) ag mainneachtain a áirithiú nach bhféadfaí leas a bhaint as an gcabhair a deonaíodh roimhe sin don ghrúpa Air France-KLM nó “éifeacht iarmhartach” do KLM..
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go sáraíonn an cinneadh forálacha sonracha CFAE agus prionsabail ghinearálta Dhlí an AE atá mar bhonn agus thaca ag léirscaoileadh aeriompair an Aontais ó dheireadh na 1980idí (i.e. neamh-idirdhealú, soláthar seirbhísí saor in aisce agus saoirse bunaíochta).
3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear gur bhain an Coimisiún Eorpach mí-úsáid as a chumhachtaí agus gur mhífheidhmigh sé Airteagal 107(3)(b) CFAE agus a Chreat Sealadach, trí (i) gan dul i ngleic le suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar na hÍsiltíre agus (ii) mainneachtain éifeachtaí tairbhíúla na cabhrach i gcoinne a éifeachtaí díobhálacha ar dhálaí trádála agus ar chothabháil na hiomaíochta neamhshaofa a mheá (i.e., an “tástáil cothromaíochta”).
4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear gur theip an Coimisiún imscrúdú foirmiúil a thionscnamh in ainneoin “deacrachtaí tromchúiseacha” a bheith ann agus gur sháraigh sé cearta nós imeachta an iarratasóra.
5. An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún a dhualgas cúiseanna a lua de bhun Airteagal 296(2) CFAE.

Caingean arna tabhairt an 18 Márta 2022 – Pinar Kuruyemiş Gıda Ve İhtiyaç Maddeleri Sanayi Ticaret v EUIPO – Yadex International (pınar KURUYEMİŞ)

(Cás T-147/22)

(2022/C 198/82)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Pinar Kuruyemiş Gıda Ve İhtiyaç Maddeleri Sanayi Ticaret AŞ (Karatay/Konya, An Tuirc) (ionadaithe: M. López Camba agus A. Lyubomirova Geleva, dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Yadex International GmbH (Frankfurt am Main, An Ghearmáin)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar mharc fóirthe de chuid an Aontais Eorpaigh ina bhfuil gnéithe focail pınar KURUYEMİŞ – Iarratas ar chláru Uimh. 18 160 742

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 12 Eanáir 2022 i gCás R 1148/2021-1